

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO  
MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

---

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE  
FÓMHAR, 2023**

---

**An Trial Scríofa - 100 MARC**

---

**Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).  
Freagair cúig cheist.**

---

**ROINN A  
SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL**

**Freagair Ceist 1 nó Ceist 2**

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):  
Mar Phríomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an mBainisteoir, ‘Tithe Gloine na hÉireann,’ Biorra, Contae Uíbh Fhailí ag lorg airgid do Theach Gloine atá an scoil ag iarraidh a thógáil i nGairdín na Scoile.
2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):  
Mar Phríomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an gCathaoirleach, An Bord Pleanála, 64 Sráid Maolbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag tacú leis an iarratas atá déanta ag an gCumann Spóirt i do cheantar linn snáhma nua a thógáil.

(30 marc)

**ROINN B  
AISTRIÚCHÁIN**

**Freagair Ceist 3 agus Ceist 4**

3. Aistrigh go Gaeilge:-
  - (a) Move back please, children, and allow Ciara into the line.
  - (b) Here is the key, Liam. Undo the lock.
  - (c) It's very dark this morning. Turn on the lights, Gearóid.
  - (d) Show me your copybook, Bríd.
  - (e) Now, children! You may eat your lunch.
  - (f) Keep a hold on that football, Brian!
  - (g) Read on silently, children.
  - (h) Put these tables together, children!
  - (i) Did you look in your school bag, Niamh?
  - (j) Goodbye, Áine! I will see you tomorrow!

(15 mharc)

**4. Aistrigh go Gaeilge:-**

- Principal: Dónal! The very person I was looking for! I didn't see you at break time.
- Teacher: I was on duty in the playground. Did you want to speak to me?
- Principal: Yes. I wanted to speak to you about the Parent-Teacher meetings next week.
- Teacher: Well! I can call into your office after school, if you wish.
- Principal: I just wanted to get your opinion on one question: do you think we should organise the meetings in the classrooms or in the big hall?
- Teacher: Personally, I like meeting with the parents in my classroom.
- Principal: That is interesting. May I ask why?
- Teacher: I like to be able to display some of the children's work in my classroom and the parents enjoy looking at it.
- Principal: It's always worth discussing questions like this with you. I'll talk to the other teachers and make a decision before Friday.
- Teacher: Thank-you. That would be great.

(20 marc)

**ROINN C**  
**GRAMADACH**  
**Freagair Ceist 5**

**5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-**

**An Briathar:**

1. A bhuachaillí! (Ith) \_\_\_\_\_ bhur gceapairí anois.
2. A Chaitríona! Ná (caith) \_\_\_\_\_ an liathróid mar sin.
3. Níor (ól: sí) \_\_\_\_\_ aon uisce inné.
4. Ní (éist: sé) \_\_\_\_\_ leis an raidió amárach.
5. Ar (tar: sí) \_\_\_\_\_ abhaile go déanach aréir?
6. (Léirigh: siad) \_\_\_\_\_ an dráma in amharclann an bhaile, dá mbeadh níos mó airgid ag an gclub drámaíochta.
7. An (faigh: sí) \_\_\_\_\_ bláthanna ar an lá seo gach bliain?
8. Nach (ordaigh: sí) \_\_\_\_\_ na téacsleabhair nua amárach?
9. (Cláraigh: sé) \_\_\_\_\_ do ranganna oíche ag an am seo gach bliain.
10. Dá mbeadh an ghrian ag taitneamh, (cuir: sé) \_\_\_\_\_ uachtar gréine air féin.
11. (Éirigh: siad) \_\_\_\_\_ go moch amárach.
12. (Freagair) \_\_\_\_\_ do cheisteanna garraíodóireachta ag an gcruiinní amárach.
13. (Ól) \_\_\_\_\_ an t-uisce go léir ag an gcluiche inné.
14. Deir Bernadette (imríonn) \_\_\_\_\_ sí badmantan gach oíche.
15. Dúirt Éva (ní dhearna) \_\_\_\_\_ sí aon chleachtadh ceoil inné.
16. Dúirt Caoimhín (dáilfidh) \_\_\_\_\_ sé amach na cóipleabhair níos déanaí.
17. Is breá le Diarmaid a bheith ag (can) \_\_\_\_\_.
18. Tá na soilse (múch) \_\_\_\_\_ sa halla.
19. Dá (stop: siad) \_\_\_\_\_ ar an mbóthar, bheidís in ann cupán tae a ól.
20. Má (beir) \_\_\_\_\_ do sheanmháthair ar an ráille, beidh sí sábháilte.

**An Chopail:**

21. Is (éan) \_\_\_\_\_ an fháinleog.
22. Nach (í) \_\_\_\_\_ Róisín an dochtaur nua sa chlinic sin?
23. Nárth (é) \_\_\_\_\_ Seosamh úinéir an ghluaiseáin bháin?
24. Ba (meicneoir) \_\_\_\_\_ í Máirín.

### An tAinmfhocal

25. Tá an (bóthar [fir.]) \_\_\_\_\_ sin an-fhada.
26. Beidh orm an (aiste [bain.]) \_\_\_\_\_ a chlóscríobh amárach.
27. Thit an peann ar (an t-urlár) \_\_\_\_\_.
28. Rinne mé staidéar ar (na hAmharcealaíona) \_\_\_\_\_.
29. Chonaic sí na bláthanna ar bhruach (an abhainn) \_\_\_\_\_.
30. Canfaimid amhrán ag túis (an ceacht) \_\_\_\_\_.
31. Is breá liom am a chaitheamh sa ghairdín ag éisteacht le ceol (na héin) \_\_\_\_\_.
32. Comhghairdeas mór le foireann (na cailíní) \_\_\_\_\_!

### An Aidiacht

33. Is é seo an gúna (is: álainn) \_\_\_\_\_.
34. Tá Eoghan (níos: cainteach) \_\_\_\_\_ ná Pól.

### An Aidiacht Shealbhach

35. Tá Síle istigh inniu. An raibh tú ag caint (le: a: athair) \_\_\_\_\_ inné?
36. Bhual mé le Breandán (i: a: teach) \_\_\_\_\_.

### An Forainm Réamhfhoclaich

37. Tá suim mhór (ag: í) \_\_\_\_\_ sa cheol.
38. Cheap sí go raibh na buachaillí ag magadh (faoi: í) \_\_\_\_\_.

### Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. Tá Antaine thíos ag an Oifig Fáilte. An rachaidh tú \_\_\_\_\_ chun labhairt leis, a Niamh?

### Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Fanfaidh Colm \_\_\_\_\_ anocht chun féachaint ar an teilifís.

### Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 4: \_\_\_\_\_.
42. Tá ocht (oráiste) \_\_\_\_\_ sa chiseán.
43. Ochartar (cailín) \_\_\_\_\_ atá i Rang a Cúig.
44. Bhain Róisín an chéad (áit) \_\_\_\_\_ amach sa rás.

### Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa uatha den bhriathar ‘tuig.’

---

46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an tríú pearsa iolra den bhriathar ‘roghnaigh.’

---

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘faigh.’

---

48. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘cheannaigh mé.’

---

49. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘ghlan siad.’

---

50. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘deirtear.’

(25 mharc)

**ROINN D**  
**LÉAMHTHUISCINT**

**Freagair Ceist 6 nó Ceist 7**

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht, atá curtha in oiriúint, as ‘Scáth’ le Ré Ó Laighléis foilsithe in *Bolgchain* agus *Scéalta Eile*, Móinín, 2004, 11-13.**

“Is tinneas aisteach é, dáiríre,” arsa an Dochtúir Ó Dochartaigh le Síle agus Deirdre. “Neamhghnách, a Shíle,” ar sé ansin le máthair Dheirdre amháin. De chogar a dúirt sé an méid beag sin. É ag iarraidh gan cur leis an mbuaire a bhí ar Dheirdre cheana féin. “Go deimhin, tá sé chomh neamhghnách sin nach féidir leis na saineolaithe a rá le cinnteacht céard é féin go baileach.”

Bhreathnaigh Deirdre agus a Mam ar a chéile. Bhí sé gar don seacht seachtaine ag an bpointe sin ó bualadh Tomás tinn. Fear céile Shíle, athair Dheirdre, ceannasaí an triúir ar ar thug siad féin ‘Na Muscaedóirí.’ Ba iad Deirdre agus Síle Armais agus Porthos. Agus Tomás...bhuel:

“Tomás D’Artagnan Ó Ceallaigh (an leasainm a bhí aige air féin) ar fáil duit lá agus oíche, Mademoiselle,” a deireadh Daid i gcónaí le Deirdre, agus é ag cur gothaí Francaigh air féin. Agus léimeadh sé suas ar cheann de chathaoireacha na cistine, bhaineadh de hata tríbheannach na samhlaíochta go scuabach galamaisíoch agus deireadh ‘De-dahn-dedan-dedahh!’

Bhí seacht seachtaine eile imithe ón lá sin a raibh an choinne acu leis an dochtúir. Beag léim a dhéanfadh Daidanois agus é ceithre seachtaine déag sínte ar chlár a dhroma san ospidéal. Faitíos ar Shíle agus ar Dheirdre i gciúnas a gcroíthe istigh nach bhfeicfí gothaí an Fhrancaigh arís, ná baint an hata thríbheannaigh, ná an léim lúfar úd...

Déardaoine a bhí ann nuair a bhailigh Karen Uí Dhiomsaigh Deirdre ón scoil in éineacht le hiníon Karen féin, Niamh. Ba chomharsana iad na Diomsaigh agus na Ceallaigh agus ba nós é ag máthair Dheirdre agus máthair Niamh cúram bhailíú na n-iníonacha a roinnt. Karen á dhéanamh seachtain amháin agus Síle an chéad seachtain eile. Ach, ó bualadh Tomás tinn, ba mhó i bhfad den chúram scoile a bhí á ghlacadh ag Karen. Go deimhin, le roinnt seachtainí anuas, bhí sí ag tógáil Deirdre abhaile chun a tí féin agus á beathú sna tráthnóna.

“Beidh an lá ann, a Shíle nuair a bheidh mise ag brath ortsá cúram éigin a ghlacadh thar mo chionnsa, freisin,” a dúirt Karen lena cara lá, “agus tá a fhios agam nach loicfidh tú ormsa nuair a thagann sin.” Ag iarraidh misneach Shíle a choinneáil ard a bhí sí agus í á rá sin léi.

**Buntuiscint:**

1. Cén leasainm atá ag Daid air féin?
2. Cá fhad san ionlán atá caite ag Daid san ospidéal?
3. Céard is ainm d'iníon Karen?

**Tuiscant liteartha:**

4. Conas go bhfuil a fhios agat nach bhfuil an Dochtúir ag iarraidh imní a chur ar Dheirdre ag túis an tsleachta?
5. Cén fhianaise atá sa sliocht gur cara maith le Síle agus Deirdre í Karen?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht atá curtha in oiriúint as Rúin (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le Patricia Scanlan, aistrithe go Gaeilge ag Freda Mhic Oireachtaigh, New Island, 2007, 45-49.**

Bhain Cáit agus Liam an-taitneamh go deo as an gcúpla uair an chloig a lean. Chuir siad cuma aoibhinn dhraíochtúil mhaisithe ar an gcrann de shé throigh le soilse drithlithe, maisiúcháin shoilseacha agus *tinsel* álainn. Mhaisigh siad an tsíleáil agus d'ullmhaigh Cáit an mainséar. Chuir sí eidhneán trasna bharr agus síos taobhanna an mhainséir adhmaid. Chuir sí suas solas beag ag soilsiú ar na figiúirí. Leag sí an tuí a choimeád sí bliain i ndiaidh bliana ar urlár an mhainséir. Chroch Liam réalta sirriam suas ó sheit bhuachaillí bó a bhí aige agus é ina leanbh. Bhí sé ag soilsiú i solas na tine chomh geal le haon réalta na Beithile. Faoi dheireadh chuir Cáit na figiúirí d'Iósaf agus de Mhuire sa mhainséar. Ag a gcosa chuir sí an damh agus an t-asal. Shocraigh sí an Triúr Fear Críonna agus an t-aoire ag an doras. Ní raibh fágtha le cur isteach ach an leanbh Íosa ina luí sa mhainséar. Bheadh searmanas beag acu nuair a thiocfadh na leanaí abhaile. Chuirfeadh Róisín an Leanbh Íosa sa mhainséar; ba í Róisín an páiste ab óige.

Sheas siad amach chun taitneamh a bhaint as an obair a bhí déanta acu.

“Tá sé go hálainn,” a dúirt Liam le Cáit agus í ag iarraidh píosa eidhneáin a chur ina áit cheart.

“Tá an crann go hálainn freisin,” agus meangadh gáire ar Cháit. “Cinnte, an ceann is fearr riamh.”...

Bhí siad ag tnúthanois lena mac óg, Maitíú, a fheiceáil nuair a d'fheicfeadh sé an crann ard...

Bhí siad stiúgtha leis an ocras tar éis na hoibre go léir. Bheartaigh siad go raibh sos ag teastáil uathu. D'ordaigh siad béis Síneach. D'ith siad é agus iad ina suí os comhair na tine, ag baint taitnimh as an mbéile blasta. Chuir soilse súilíneacha an chrainn Nollag agus lasracha ómracha na tine clúdach te órga thart timpeall orthu. Bhí an bháisteach ag bualaodh in aghaidh na bhfuinneog. Bhí an ghaoth ag glamaíl síos an tsimléir. Bhí Cáit agus Liam ag caint agus ag comhrá agus ag baint taitnimh as an bpicnic a bhí acu cois na tine. Níor smaoinigh siad ar a gcuid trioblódí ná ar an difhostaíocht ar feadh an ama luachmhair a bhí acu le chéile. Ceann de na tráthnóna ba dheise a bhí acu le fada a bhí ann.

**Buntuiscint:**

1. Cén airde a bhí ag an gcrann Nollag?
2. Céard a chuir Cáit ar urlár an mhainséir?
3. Cén sórt aimsire a bhí ann an oíche sin?

**Tuiscint liteartha:**

4. Cén fáth ar fhág Cáit an leanbh Íosa amach as an mainséar?
5. Conas go bhfuil a fhios agat nach bhfuil gach rud foirfe i saol Cháit agus Liam?

(10 marc)